Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10528/26**

**DELACT 98**
**PECHE 238**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3933 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 12.6.2026<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun an tuarascáil eolaíoch bhliantúil agus an tuairisciú ar ghabhálacha bliantúla iomlána a chur isteach, na caighdeáin le haghaidh líne-ualú in Iarscríbhinn I, na ceanglais maidir le sonraí soithí in Iarscríbhinn V, na ceanglais maidir le sonraí breathnóra in Iarscríbhinn X, agus na ceanglais maidir le sonraí calafoirt in Iarscríbhinní XI agus XII |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3933 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3933 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.6.2026
C(2026) 3933 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun an tuarascáil eolaíoch bhliantúil agus an tuairisciú ar ghabhálacha bliantúla iomlána a chur isteach, na caighdeáin le haghaidh líne-ualú in Iarscríbhinn I, na ceanglais maidir le sonraí soithí in Iarscríbhinn V, na ceanglais maidir le sonraí breathnóra in Iarscríbhinn X, agus na ceanglais maidir le sonraí calafoirt in Iarscríbhinní XI agus XII**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir don Rialachán Tarmligthe Rialachán (AE) 2018/975 a leasú chun na leasuithe ar na bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), arna nglacadh ag SPRFMO le linn a chruinnithe bhliantúil in 2026, a thrasuí.

Tá an Rialachán Tarmligthe bunaithe ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO a bheidh ina gceangal ar an Aontas agus ar na Ballstáit ón 5 Meitheamh 2026 ar aghaidh. Leis an Rialachán seo déantar na bearta sin a thrasuí i ndlí an Aontais.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Tá na codanna de bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO atá ina gceangal ar an Aontas agus ar na Ballstáit sa Rialachán Tarmligthe. Chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit roimh chruinnithe bliantúla SPRFMO - agus lena linn - cruinnithe ag ar glacadh na codanna sin de bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO.

Cuireadh an Rialachán Tarmligthe i láthair na gcomhreachtóirí le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[1].

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an Rialachán Tarmligthe, leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 leis an méid seo a leanas:

– athruithe ar na teorainneacha ama maidir leis an tuarascáil eolaíoch bhliantúil a chur isteach lena gcumhdaítear an bhliain tuairiscithe roimhe sin, lena n-áirítear tuairisciú maidir leis an iascach bolmán Sileach (Airteagal 7(2)); agus

– athruithe ar na teorainneacha ama chun na sonraí maidir le gabhálacha bliantúla iomlána na bliana roimhe sin a chur isteach (Airteagal 27(2)).

Leis an leasú, déantar na hiarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/975 a ailíniú agus a chomhdhlúthú freisin tar éis athruithe ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta SPRFMO, amhail athruithe ar an méid seo a leanas:

– caighdeáin le haghaidh líne-ualú in Iarscríbhinn I, dá dtagraítear in Airteagal 9(4);

– ceanglais maidir le sonraí soithí in Iarscríbhinn V dá dtagraítear in Airteagal 16(3), in Airteagal 17(1)(a) agus in Airteagal 22(1);

– ceanglais maidir le sonraí breathnóra in Iarscríbhinn X dá dtagraítear in Airteagal 28(1) agus (2);

– ceanglais sonraí san 'Iarraidh maidir le teacht isteach i gcalafort' in Iarscríbhinn XI dá dtagraítear in Airteagal 31(1); agus

– ceanglais sonraí sna torthaí achoimre cigireachta calafoirt in Iarscríbhinn XII dá dtagraítear in Airteagal 34(4) agus (5).

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na teorainneacha ama chun an tuarascáil eolaíoch bhliantúil agus an tuairisciú ar ghabhálacha bliantúla iomlána a chur isteach, na caighdeáin le haghaidh líne-ualú in Iarscríbhinn I, na ceanglais maidir le sonraí soithí in Iarscríbhinn V, na ceanglais maidir le sonraí breathnóra in Iarscríbhinn X, agus na ceanglais maidir le sonraí calafoirt in Iarscríbhinní XI agus XII**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe atá infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO)[1], agus go háirithe Airteagal 43, pointí (a), (b) agus (f) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Chinneadh 2012/130/AE ón gComhairle[2], ó bhí an 26 Iúil 2010 ann, is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas lenar bunaíodh an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas ('SPRFMO').

(2) Le Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle leagtar síos forálacha bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar acmhainní iascaigh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/838 ón gCoimisiún[3] leasaíodh Rialachán (AE) 2018/975 le bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag SPRFMO le linn na gcruinnithe bliantúla a bhí aige idir 2018 agus 2024.

(4) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag SPRFMO in 2026, leasaigh sé na teorainneacha ama maidir leis an tuarascáil eolaíoch bhliantúil agus an tuairisciú ar ghabhálacha bliantúla iomlána a chur isteach. D'athraigh SPRFMO na caighdeáin le haghaidh líne-ualú, na ceanglais maidir le sonraí soithí, na ceanglais maidir le sonraí breathnóra, agus na ceanglais maidir le sonraí calafoirt freisin.

---

[1] IO L 179, 16.7.2018, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/975/oj.

[2] Cinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh na Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2012/130(1)/oj.

[3] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/838 ón gCoimisiún an 19 Feabhra 2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tuairisciú sonraí maidir leis an iascach bolmán Sileach, cliseadh teicniúil an ghairis rianaithe satailíte, ceanglais maidir le sonraí soithí in Iarscríbhinn V, ceanglais maidir le sonraí trasloingsithe in Iarscríbhinní VII, VIII agus IX, agus ceanglais maidir le sonraí calafoirt in Iarscríbhinní XI agus XII (IO L, 2025/838, 2.5.2025, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/838/oj.

(5) Ba cheart na leasuithe sin a thrasuí i ndlí an Aontais. Ba cheart Rialachán (AE) 2018/975 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2018/975 mar a leanas:

(1) in Airteagal 7(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) faoin 15 Meitheamh gach bliain, an tuarascáil eolaíoch bhliantúil lena gcumhdaítear an bhliain roimhe sin, lena n-áirítear sonraí breathnóra a mhéid is féidir. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a sheoladh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Meitheamh.';

(2) in Airteagal 27, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Faoin 15 Meitheamh gach bliain, déanfaidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO an beomheáchan i leith na speiceas/na ngrúpaí speiceas uile a gabhadh i rith na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Meitheamh. I gcásanna eisceachtúla, agus i gcás ina gcuirfear fógra i scríbhinn faoi bhráid an Choimisiúin faoin 15 Meitheamh ina míneofar an gá atá le síneadh, agus sa chás sin amháin, féadfaidh an Ballstát síneadh a fháil chun sonraí sealadacha a chur isteach faoin 30 Meitheamh agus sonraí deiridh a chur isteach a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná an 15 Meán Fómhair. Déanfaidh an Coimisiún an míniú agus na sonraí sealadacha a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Meitheamh agus na sonraí deiridh faoin 30 Meán Fómhair.';

(3) Leasaítear Iarscríbhinní I, V, X, XI agus XII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ceathrú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*